Dánta agus Duanóga

Liam Tóibín

1/6



Digitized by the Internet Archive
in 2026

https://archive.org/details/dantaagusduanoga0000unse

Chun Glóire Dé agus Onóra na h-Éireann

Dánta agus Duanóga

(*1919—1929*)

LIAM S. GOGAN, M.A.

AR NA FHOILLSIÚ DO
MHUINNTIR C. S. Ó FALLAMHAIN, TEO.
I gCOMHAR LE hOIFIG AN tSOLÁTHAIR

1929.

TIOMNAIM
AN LEABHAR SO
DOM' MHNAOI

CLÁR.

DÁNTA	l.
Na Coisidhthe	5
À la Silhouette	6
An Rinnceoir Sídhe	6
Aiceantacht	8
Ceileabhradh an Mhéirligh	9
An Linn	10
Puella Loquitur	10
Samhla	11
An Clog	12
An Cuairteoir	12
Amhrán Ceileabhraidh	14
An Cingcíseach	14
Luibh Íce an Fhile	16
Do'n Athair Donnchadh Ó Floinn	18
Freagra	19
Mac Síoghair	20
Mac Síoghair (*caoineadh*)	22
E.R.O.S.	23
Luach Saothair File	24
Leithleachas	24
An Ghaedhilg	25
Ballade Filí na hAimsire seo	25
Ballade i dTaobh na Laetheanta dTrioblóideach	27
Croidhthe na Cruinne	28
An Filleadh	28
Litir Amúdha	29
Amhrán Fóghmhair	30
An Buachaill Sléibhe	30
Iustum et Tenacem	31
Iomramh	32
Bendito Sea el Año	32
An Buan agus an Neambuan	33
"*Lugete, O Veneres Cupidinesque*"	34

	l.
Diffugere Nives	34
An Leannán Sídhe	36
Taithleachas	37
An Duanaire	38
Amhrán an Dóchais	39
Do Scríbhneoir Mharbh....	40
Iomrall Seirce	41
An Dá Theangain	42
Amhrán Geimhridh	42
An Bhean agus an Cat	43
Rosc	44
Ré na gCábóg	45
An tEitleoir	47
Amhrán an Duine Mhí-chéataigh	48
Iar bhFilleadh Aibhistín Uí Chléirigh, File	49
An Ridire	49
Tré-líneach	50
Taidhbhsí	51
An Spéir	51
Lindberg	52
Tréig a Scoil	54
Iósеph	55
Tuireamh an Dóchais	56
Canntlamh	58

DUANÓGA

Seosamh Ó Pluingcéid	59
Samhain	59
Teacht an tSamhraidh	60
Mí Meadhóin Fhoghmhair	61
Doimhneas agus Deireadh	61
Exegi Monumentum	62
An Chathraigheacht	63
An tSlighe Amach	63
An Nodlaig	64
Ceatha	64

Dánta agus Duanóga
(*1919—1929*)

NA COISIDHTHE

I gcoim na h-oidhche cloisim iad
Na coisidhthe ar siubhal,
Airighim iad, ní fheicim iad,
Ní fios cá bhfuil a gcuaird.

I gcoim na h-oidhche dorcha,
Is an uile ní i suan,
Airighim teacht na gcoisidhthe
I lár an bhaile chiúin.

An daoine iad nach sona dóibh,
Nó anamna i bpúnc
Nach aoibhinn dóibh an t-ionad san
I gcomhnuighid go buan?

I gcoim na h-oidhche dorcha,
Is cách in a chodladh suain,
Is eadh chloisim-se na coisidhthe
Ag teacht is ag imtheacht uaim.

À LA SILHOUETTE

Ar cúl na duinneachta múr mar ruithne ag fás
As coire ná feictear i dtroideann an ghrian le bás ;
Ór glan-bhruithte dá chrothadh ar bhrollach an spáis
Is néalta fola ar glinntibh geala ag snámh.

Snuadh dubh doilbh ar gnúis an talaimh chómhnáird
Fé smacht an dorchadais ghorm-dhuinn faon, gan gháir
Ó choill, ó loch gan loinnir, ó chnocaibh, ó pháirc :
Ciúnas gáibhtheach, gránna leathta i ngach áit.

Gréas dá tharrang ar imeall na spéire atá
Ag spuaicibh teampall is duilleabhar crann tiugh árd :
Scíordann thar fairrge choimhighthigh an óir nár leághadh
Fiolar dubh luaimneach, uasal, tapaidh, in a scáil.

Éirgheann scréach as innibh na gcríoch gan bhláth,
Scréach an-aithnid, fíochmhar, marbhthach, fáin,
Géar-ghuth nimhneach, goinideach fhógrann trácht
An uaignis : tigeann thar spéir an oidhche áigh.

Scéithtear i nglinntibh na ceathanna spréach gealáin ;
Ciúmhaisightear cruinn le snáitheanna glé gach scáil ;
Go leaghtar gach ní in aon dorchadas mhór amháin,
Go leaghtar gach ní in aon dorchadas mhór amháin.

AN RINNCEOIR SÍDHE

Araoir is mé ag teacht adtuaidh
Do chím an spéir-bhean aerach chugham
Ag rinnce léi go séanmhar suairc
Le solas glas na gealaighe,

Is ise bhí go tapaidh
Cos-éascaidh, éadtrom, mearaidhe
Ag rinnce céim stróinséartha, ainiúil
Le solas glas na gealaighe.

Níor chuala séis ná saor-phort ciúil
Acht suathadh gaoth seicréideach siubhail
I lúbaibh craobh na gcaorthann lom
Is cogarnach na sailghe,
Is fuaim mo chroidhe ag preabghail
Is fuaim a cos 'san bhfaithche
Ag rinnce léi go léidmheach lonn
Le solas glas na gealaighe.

Do chonnac scéimh a géag ngeal gcumhang
A colann chaomh chómh glé le cubhar
A dhá cois aolmhar' b'éachtach lúth
Is í mar bhlaodhm ar lasadh,
Ó rinn go féar i rachtaibh
Mire suilt ag casadh
Ag rinnce léi gan scaoll gan sciúird
Le solas glas na gealaighe.

Do lean an scléip neamh-shaoghalta úd
Go siabhraidhe, saobh, cleas-chéadach, ciúin
Go dtí gur théacht gach braon dem' chrú
In a cuardaibh gnáthach reatha,
Go dtáinig mór-chuid scamall
Ó'n áird aniar ag taisteal
Is d'imthigh bé na saobh-nós uaim
Le solas glas na gealaighe.

CEANGAL

Ba mhinic tar éis an éachta ait seo
Cois teine dom féin gan léas ar lasadh
Is go bhfeicfinn fém' dhéin i raon na gealaighe
An liosa-bhean chéadna ag déanamh greasa bhig
Rinnce is radaireacht
Fiadhantais, cafaireacht,
Go h-imtheacht dom' chéill i néalaibh mearbhaill
(Go Tír an Dearmaid.)

AICEANTACHT

Tré cúinne na fuinneoige
Cois droichid chím duilleabhair
Crainn ionnfhuair fhuinnseoige
I measc sean-tighthe dubhach.

Agus sin a bhfeiceann cime
Na cathrach tré'n smúid
Ag fógairt d'aimhdheoin cuime
Nach marbh treibh na ndúl.

Nuair thagann ámh an oidhche
Tré'n chrann chím lasair shuairc
Ó lóchrann aonraic—croidhe bog
Na cathrach roim suan.

Scríobhann sí síos in ór-dhath
An t-artha so go glínn
" Ní díscfear choidhche an dóchas ! "
Ar druim an tsrotha righin.

CEILEABHRADH AN MHÉIRLIGH

Nach bocht an scéal dom féin an uair seo
Annso gan léan, gan phéin, gan bhuaidhreadh,
Lem' chumann cléibh ad' bhréagadh ar suaimhneas,
Go gcaithfead feasta
Dul uait i gcéin, cé géar, goirt, cruaidh liom
Is ná feadar canad.

Tá lucht an chlaon-dlíghidh chlé, fhill, fhuathmhair
Go goirg, géar am' éileamh uait-se
Le solas lae is ré an uaignis,
Gan stad am' chuardach.
Dul uait i gcéin is céasadh cruaidh liom
Is ná feadar canad.

Anois, a laogh, is éigean gluaiseacht—
Cluinim am' ghlaodhach géar-ghuth an dualgais ;
A chumainn, tréigeam séan is suairceas
Tá an ceart le seasamh !
Dul uait i gcéin, is é is cruaidh liom
Is ná feadar canad.

A ghiolla, gléas mo stéid-each luathmhar !
A chumainn, sé póg déag dod' ghruadhnaibh !
Scuraim le séan is béad go luath anois
In achrann catha
Le conairt bhréin an Bhéarla shuaraigh
Is go meathaidh a gceannas.

AN LINN

A linn, i lár an léana lí,
Is liom is aoibhinn tusa d'fhagháil
'San áit chúlánta-so, is taoi
Id' aghaidh mar naoidhe an tsuilt gan chnáid.

Do'n tsnáthaid mhóir, do'n bheichín bhuidhe
Agus d'éanlaith shínir glé-scáthán,
Do'n tseamar ghlas 'san bhfásach mhín,
Do'n néilín ghlínn ar spéir go h-árd.

Scaithtí, a linn, is brónach bhír;
Crithir in' íodhnaibh taidhbhrthí cáis;
An solas ghealadh tráth do chroidhe
Mo chreach! ag tuiltibh deor dá bháth.

An oidhche bhog-chiúin, ámh, nuair thigheann
A doimhneas aoirde an aeir id' dháil,
Is foisce dúinn na domhain gan timheal
I gcéin dár bhfaire i suan ded' bhárr.

Is tusa an tsúil ná dúnann choidhch,—
Súil manaigh mhíonla i gclaostra bláth—
Ná faca fós an saoghal mar bhíonn,
An baile eisíodhan ná éad ná mná.

PUELLA LOQUITUR

A bhuachaill, dá dtiubhrthá do ghrádh dom
Do shnámhfainn sruth Life féd' dhéin,
Acht má's amhlaidh go dtiubhrair druim lámh liom
Tá a lán ann nach beag ortha mé

Is a bhuachaill mo chroidhe,
Nach suarach ataoi
Gan truagh, gan suim,
Gan grádh dom.

A bhuachaill, dá saoilfinn gur ghrádhais mé
Is éascaidh do sciúrdfainn féd' dhéin
Má tá cúram dem' mhalairt ort, ámhthach,
Ghcobhad buachaill nach tusa dom féin
Is a bhuachaill mo chroidhe,
Nach suarach ataoi
Gan truagh is gan suim,
Gan grádh dom.

SAMHLA

Thíos ar úr na h-inse
Beirt shean-reanglamán
An Bás i bhfail na hAoise
Ag crothadh a gcnámh is ag rinnce
Is ag loit scothóg an bháin.

Sciordann chúcha a Coilltibh
Na Beathadh bruinneall cháidh
'Na gúna scaipthe scaoilte,
A gnúis 'ná an mhil is milse
Cé eile acht an Grádh?

Na h-arrachtaí nuair chíd í
Huth! bíodhgaid in a dáil,
Na creatlaigh bhocht, buidhe-chas
Ní thiocfaid suas léi choidhche
Is éascaidh cosa an Ghrádha!

Agus téighid thar n-ais go díomdhach
Go mbreathnuighid a gcáir
Mhí-thaitneamhach i mín-tsruth
Na h-Aimsire doimhin díogach
'Dtí'n Mhuir Shíorraidhe ag gabháil.

AN CLOG

Is binn liom clog an tséipéil
Ist' oidhche nuair chraelann dúinn
Árdughadh Íosa ós comhair na ndaoine
I gcoim ceo soillse is túis'.

Is binn liom clog an tséipéil
Dá bhíthin go scéitheann uaim
Gach sean-iarsma amhrais inntinn'
Is go dtógtar mo chroidhe-se suas.

AN CUAIRTEOIR

Glac an bheidlín múirneach
Glac an bogha is múscail
Fras dom, sians boig-shiubhlach
As na téadaibh ceoil
Fonn beag éigin dúthchais
Mheamhraigh grádh gan chúiteamh
D'aigne an chéardaidhe ionnraic
In Éirinn, fad, fadó.

Féach! tá an oidhche ag túirling
Go réidh de dhruim na ndubh-bhrat
Is fíoghar gach roda 'á múchadh
I ndorchadas ró-mhór

Agus dála an domhain dá dhubhachtaint
Díomdha, draghan is dúr-cheist
Atáid anois am' chumhachtadh—
Seinn-se, a bheidhleadóir.

Seans go mbainfir cúladh
As m'árd-eire lionnduibh
Tríd na cleasa inneamhla
Tá id' mhéaraibh beo;
Seans go bhfeicead lonnradh
Dóchais tríd an smúr so,
Dála réaltan rúnda
Ag ruithneadh tríd an gceo.

Tig ó'n gháirdín chumhra
Boladh bláth dtionnabhrach
In san duibhthean lonnrach
Chím—nó—an taise nó
Bean fé sna crannaibh iubhair ghlais
Ag gabháil, bean chrothach, chiúin-tais,
Mar shamhailt tré ionad dúlhchais
Ag siubhal i measc na rós.

Cé h-í? an scáil éadlúith seo
I measc na scál ag siubhal thart
Go modhmhar mín?—ca cúis di
Teacht annso im' chomhair?
An chugham-sa nó an chughat-sa
A fhir na bhfras dtaidhiúr so
Nó searc sean-mharbh mhúirneach
An fhir chéad-cheap do cheol?

I measc na bpreap nduilleabhrach
Cluinim cogar ciúnsach—
Cainnt neamh-shaoghalta, éagsamhlach
Thall i gcoill na gceo,

Ag míniughadh dom gach cúrsa
File—bean—géir-dhiúltadh—
Agus aithreachas folamhasach
In Éirinn fad, fad ó.

AMHRÁN CEILEABHRAIDH

A chompáin chaoin na laethe leachta
Slán uaim leat-sa go h-éigneach
Dá fhaid é ár gcáirdeas siúd sin scartha
Gan súil ag ceachtar le réidhteach.

Shaoileas-sa riamh ná tiocfadh an taca
I réabfaí na ceangail chaomha
Lér' snaidhmeadh fad ó ár mbáidh gan meabhail
Acht léas ní lastar ná h-éagann.

Ba thusa gan bhréig, a ghléineach ghreanta,
Im' óige taitneamh mo laethe,
Mo ghrádh, mo dhóchas croidhe agus m'anam
Mo bheatha agus m'aisling aobhdha.

A chompáin chaoin beir slán uaim leat-sa
Do réabadh na ceangail chaomha—
Dá fhaid é ár gcáirdeas siúd sinn scartha—
Ní'l léas dá lastar ná h-éagann.

AN CINGCÍSEACH

Féach im' aghaidh orm, féach im' shúil;
Spréach ainiúil an bhfeicir?—splannc
Na lasrach nimhe nó loise éagsamhail
Dúnmharbhthóra dúthchais—deamhan!

Féach im' aghaidh—an bhfuil sí dúr?
Mo bhéala, an dlúith, do-scartha ag greann?
M'fhiacla an fiar fad-sháidhteach? Cú
An mé?—faol-chú chun feannadh is foghail!

Is duine mé rér dhreoigh an búgh
Is an lile fionn; fear daor mé—amhas—
Noch d'fhágaibh aoibhneas, caoimhneas, ciúil
Is áthas geal taidhiúir an domhain.

Nuair thánag ar an saoghal so ar dtúis
Chéad-thug mo phláinéad fúm-sa fobha,
Maidin Luain Cingcíse chiuin,
Nuair d'éag mo mháthair bhúdhach, mo lom!

Nuair chonnaic m'athair fial a phlúr
Mar rós mí Iúil ag éag roim am
Do phléasc a chroidhe le méid a chúmha
Is bhíos im' shibhín siubhail gan chabhair.

Le comaráda dílis chuadhas
Im' scláire, uair, ag triall na mbeann
Do-chím 'san draip é; féach! anuas
Ag tuitim é! é fuar-lag fann.

Im' óig-fhear thugas gean go dlúith
Do bhruinnil chúmhra dheághthach, dhonn
Le lá ár bpósta is mé ag súil
Do leag an bás mo ch'lúr go fonn.

I gcathaíbh chonnac cáirde ionmhain'
Lé n-ithinn nó lé ndiúgainn dram,
Do chleachtainn idir sos is siubhal
Dá mbaint dá lúndrach ceann ar gceann.

Agus sin mar táim ó'm óige, im' thrú.
Is gach dá dtiubhrainn grádh ag lobhadh,
Ag meath, ag imtheacht uaim fé'n úir
Is mé gan áird i bpudhair dá gceann.

An peaca sinnsir éigin—nú
Coir mhí-nádúrtha a mháthair-adhbhar
Nó sean-fhionghail nó mallacht rúin
Do chéas mo chúrsa tríd an domhan?

Ní h-éacht gur scoithte, claon mo ghnúis
Na ruic ní h-iongnadh im' mhalainn odhair
A Thighearna! faghaim-se fios na cúise
Liath mo chroidhe is spiún mo mheamhair.

Ní fheicim rómham acht díomdha is tnúth
Is saoghal mí-chúmtha, duairc, dithreabhach;
Nuair fhéachaim siar ní léir do shúil
Mo chuimhne acht trúp síor-bhrónach samhalt.

Marbhóghair nó marbhófar thú!
Is orm fúigeadh sin mar chrann . .
Acht chím tré'n scamall coill na ngiús
An loch is trú ar bhárr na dtonn.

LUIBH ÍCE AN FHILE

D'éis do chuisle an fhile bheith traochta
I ngalar na gcás ó ghnás gach gnó
I léan, i laige, gan fuinneamh, gan féirim,
Casfar a shláinte i ndálaibh ceoil.

Téigheadh, ná moilleadh sé, dithneas réidheann dó,
Mairg i dtráth ná fágfadh brón,
Mar a ngléasfar oirfide chuige gan staonadh—
Blaiseadh gan cás a bhfriothálfar dó.

Séis ar bhinneas dá seinm ar séirse
Ceapaireacht álainn máighistrí ceoil
Haydn, Mendelssohn, moladh do'n aos sin,
Beatha agus sláinte thál thar meadhón.

Aréir is ceisneamh go frithir am' chréimeadh
Scaipeadh mar rádhas-sa mám gach ceo,
Im' éisteacht sileadh dom srothanna séise
I rachtaibh gáirdeas', gur bháidh mo mheon.

Éanlaith coille agus uiscí ag téarnamh,
Labhairt an ghála de bhárr an fheoir,
Géaga is duillí i gcogar le chéile
Dar liom scáird na stártha ceoil.

An méid adeirim is tuireamh na laethe
Mheasamar scáinte gan tásc fad ó,
Scéal an duine ó'n chiogal go céile,
Aiteas is áthas, bás is brón.

Dréachta binne gan focail gan léigheantacht,
Arraingí áilne, ághmhar, beo,
Spreagaireacht fhuinneamhach, thinitheach, thréanmhar,
Fhraochda, fháilteach, fháin na meor.

Do léim, do chorruigh an chuisle bhí tréith lag
Bhreacas ar pár a ráinig rómham ;
Aobh ná foras na focail ní dhéanaid
Abair má mheádhas ró-árd an ceol.

DO'N ATHAIR DONNCHADH Ó FLOINN AR N-A ÓIRDNEADH IN A SHAGART 19. VI. '27.

A chara ó fuarais de bhuadh ó'n Rígh ghlórmhar
Anamna d'fhuascailt ó chluantaibh an Mhíllteora
Mo bheannachta buana 'na sluaightibh—nára dí-chómhachtach!
Mar thaca led' shuairceas uaim-se le síth seolaim.

Dadamh de'n duairceas nár bhuailidh 'san tslighe rómhat-sa,
Scamaill ad 'bhuaidhreadh ná duartana díth-dóchais—
Aingil is uaisle is suadha na gcríoch n-órdha
Nár lagaid go Luan acht go stuamdha ad' shír-threoradh.

Ag teagasc an tsluaigh le fuaimint is fír-eolas
Go rabhair fé shuaitheantas chuanna an tSoillseora:
In san Aifreann uais an tUan geal nuair fhióróchair
Go scaraidh le gruaim agus guasacht gach croidhe leointe.

A shagairt chaoin-bhuadhaigh taoi uaislighthe ag Rígh chómhachtach
Agus aingil anuas má ghluaisid ad' bhínn-mhóradh
Is eagal nach gluair in a gcuallacht mo righin-ghlórtha
Acht—beannacht is buadh 'seadh thuaraim is guidhim fós duit.

FREAGRA : AN tATHAIR DONNCHADH Ó FLOINN, CCT.

Is blasta 's is suadh-cheart mar thuarais, a Liam chóraigh,
Gach beannacht is buaidh ó'n Uan gheal 'san tslighe rómham-sa ;
Acht machtnuigh, cidh uasal mo dhualgas, gur díol deor mé
Ó'n anach is dual dam má fhuaidrim chum fiarlóide.

'San bhFeatarlaic chuala dá luadhachain ar Mhaois mhórdha,
Cidh sheas ar an stuaic i gcruadal an dligheadóra,
An manna geal nuaghar cidh fuair sé mar shíor-ósta,
Nár blaiseadh leis muadh-thoradh buacach i dTír Iórdain.

An Salmaire suallach do luath-mholadh Dia i gcómhada,
Go scannalach d'fhuaduigh ant-uan ón-a chaoin-chómharsain ;
Samsón i gcruadh-chathaibh muara do chlaoidh slóighte
Do gearradh a dhual leis an bhfuachaid, is fríth fólta.

Bheith calma i nguais-bhroid im thuairim is cuibhe dóibh-sin
A rachadh ag buannacht i gcuallacht an Ríogh ghlórmhair ;
I gcaismirt le scuaine do-ruaigthe na mí-chóra
Is dearbh nach tualangthach guagaire díth-cómhlainn.

Mo shamhail de thruaghnairt ó thruaghuigh an Rí cómhachtach,
'S ó ghairm go luath mé chum gluaiste ar a phríomh-shlógadh,
Screadaim go cruaidh air, ó luaidh Sé an nídh damh-sa
Go bhfeasfainn gach dualgas dár fhuagair a chruinn-chómhalladh.

MAC SÍOGHAIR

1913

" *Cé h-é nó cad is ainm dó*
" *Nó c'áit in a gcomhnuigheann sé?*"
Adubhairt bean deas ná faca fós
'San halla seo, liom féin.*

" *An fear úd fionn le finn-fhéasóig*
" *Agus fionn-fholt fada réidh,*
" *Le súil an iolair agus cama-shróin*
" *Do mheamhruigheann intleachi géar,*

" *Is é mo thuairim, 'sé mo dhóigh*
" *Go bhfaca cheana é*
" *Im' cheanntar féin i measc na bhfeord*
" *I bhfad ó shoin, aidhé!*

" *Agus bhí sé gléasta suas i gcóir*
" *Catha agus cogaidh dhéin,*
" *Bhí tuagh catha dlúith in a dhóid*
" *Agus claidheamh maith le n-a thaobh;*

" *Agus chuaidh sé go toghail ar bórd*
" *An tseirrichinn ghob-fhéir*
' *Agus dathad laochra teann, maith, mór*
" *D'fhoirinn nár lag i mbaoghal.*

' *D'fhág sé cuan is d'fhág sé feord*
" *Agus d'fhág mo léan goirt mé*
" *Agus d'fhág sé mé, a chéile cóir*
" *Agus sheol leis in imigcéin.*

* *Halla Coldiste na h-Iolscoile.*

" Do sheol sé leis i gcéin ar slóghadh
" Chun Inse Airt mhic Chéin
" Agus chugham níor chas arís go deo
" Rud mhéaduigh ar mo léan."

" Acht cé súd ann nó ca h-ainm dó?
" An uiging éigin é
" Do chuir ar ceal an chulaith chóir
" D'oirfeadh do fhlaith is laoch?"

D'fhreagras dí: " Ní h-eadh, dar ndóigh,
" Acht ollamh árd re léigheann
" Do bhuaidh an chraobh ar intleacht mhór
" Agus eagna dó féin."

" Ní h-uiging fáin ná taoiseach slógh
" Ná foghlaidhe mara é
" Acht file binn na mbriathra gceoil
" Agus fáidh ar fheabhas an tsaoghail."

Do scread an tsídh-bhean " Uch, uchón!"
Agus leagh sí uaim fé'n aer
Dá rádh: " bead feasta ar fán go deo,
" Uchón! go lá an tsléibhe!"

* * * * *

Bhogas ó'n áit sin lán de sceon
Chun seomra na mac léighinn—
Chuireas tobac 'san bpíopa chrón
Agus dhearmadas mo léigheacht.

MAC SÍOGHAIR

(*caoineadh*)

A thaoisigh uiginge, a shruith, mo shlán leat!
Cér' chian do chúrsa ba chumhachtach, cáilmhear
Ar fairrge an léighinn—do ré ó tháinig
Ghabhais an cuan cé fuar ná fágfair.

Ní'l neach ded' chineadh dár choipigh an tsáile
Is mó rug creach abhaile i gcnárr-luing—
Ní h-éadáil chlaon ná séada thráchtaim
Acht ór na saoithe is maoin scolártha.

Do chím ath-uair 'san uaigneas ghráibhtheach
Do dhreach uais mhaordha, do mhaoth-fhuilt bhána,
Is tú ag caismirt le ceastaibh go fáthach
Gan ghéill do'n Aois gur scaoil an Bás tú.

Ba mhór na tabhartais bhronn ó thángais
Na Nórna, an Triúr Cinneamhnach, tráth ort
Léigheann is soillse is leigheas na dtáinte,
Seanchacht, séis is céard na mbárd-scol.

Gan allsadh uair do chuadhais go dána
I mbéal na bóchna, do sheolta in áirde,
Gan staon roim stoirm ná goimh an ghála
Go teacht i dtalamh i nGarrdha na n-Ása.

Éire ag gol ní h-iongnadh id' dheághaidh liom;
Do thugais cion gan on is páirt di
Do thugais fóghnamh, fómós árd di
Is tá sí buidheach bíodh gur cráidhte í.

Ceangal

Ó Choill Tómair tá bladhm bróin-ghoirt ag leathadh fá'n dtír
Is ar Cnoc Tómair tá crot leonmhar ag scamallaibh nimhe
Fá'n gCrann Fuinnse tá lom spíonta ó cailleadh an saoi
Is trom-chroidheach, fann-bhríoghach tá Banba bhuidhe.

E.R.O.S.

(Eoghan Ruadh Ó Súilleabháin).

*'**E**oghain, a rascail! raidim go h-éag leat*
Fórsa beannacht in eascaine cléire!
Mór led' aigne cailín bheadh caomh-dheas,
Córach, leacain-gheal, laideanta, réalta!

***R**omhat-sa leagadh go fairsing gach péarla*
Gleoite thagann ar talamh is ar spéartha
Snódh agus maise na n-easach, na sléibhte,
Mar sheod ciodh b'fhearra leat ainnir ná aon rud.

***Ó**gh id' fharra ba dheacair a caomhnadh*
Ceol do chantaine mheallfadh sé aon neach;
Leor-chuid arthanna malluighthe Éros
Fhóbrais—admhuigh!—id' rannaibh do réidh-chur.

***S**reoidh chun aitis do-mheasta agus séan ceart*
Ceol do chantaine meadar-cheart maordha
Fós, cé dainid i mBanbain Béarla,
Breodhair led' arthanna anam na gcéadta.

Ceangal

Éros eacmhaingeach lasadh do shlighe led' ré
Thraothadh, lagadh is mhealladh an ríobh led' thaobh
Pléisiúr bhlaisis: a bharra ní maoidhte ort féin
Na dréachta chanais, maithid siad baois do shaoghail.

LUACH SAOTHAIR FILE

Díoltar an file nuair chluineann i mbéalaibh dán
Do shíolruigh i dtosach as inmhe a chléibh ró-lághaigh
Ar aoibhneas na cruinne ag bruinnil na séise sáimh'
Is díbreann an domblas lé loisceann an saoghal a lár.

Do bhí, gan eiteach, is fiosach in Éirinn tráth
I síreadh file ar thogair is é sin d'fhagháil,
Maoin is sochar is cothadh is saoghal gan spleádh—
Nídh ná feicim á lorg lem' ré mar ghnás.

Spíd is doicheall, cé scrupall mar scéal ar cách,
An mhír do gheibheann de bhithin na h-éigse ghrádhann
Ó bhuidhin na mbodach tá cumasach tréan, i mbás!
Is iad in uireasbaidh tuigseana i gcéird na mbárd.

Ní puinn má's iongnadh go gcorruighthear é ag dán
Go bínn do'n chuideacht ag bruinnil le méinn dá rádh
Is a laighead de shocaracht spioraid is séan is páirt
Do líonadh chuige 'g an chinneamhaint chéasann báird.

LEITHLEACHAS.

I gcuallacht mo smaointe féin
'Seadh gheibhim mo shuaimhneas
Dá mbrúchtadh as foinnse ghlé
Ealadhan is uaisle.

Gluaisid ar liacht na réalt
Mar shaighdibh Cúipid
Go luath-ghreadaid croidhe mo chléibh
As daibhchibh dubhadais.

Mo dhuanaire is é maoin mo shaoghail
Taighdim is cuardaim
Go mbuaileann im' shlighe le léigheamh
Aighneas nach suarach.

I gcuallacht na ndaoine téighim
In aghaidh mo dhúile
Is fuagraim ó'm mhian i gcéin
An doighearthacht thionnscnaid.

AN GHAEDHILG

Mar eileastram i mbogach taoi
Cois abhann go bríoghach ag borradh
Is féachtar ort ó'n droichead chraínn—
Féachtar is scínntear thorat.

Ní dhearna súd, a theanga thím
Acht ghabhas gan stríocadh ad' stothadh
Is ní'l im' dhóid acht réalt gan aoibh
Is mé fé dhríb ó'n dturas.

Dom féin is duit-se b'fhearra choidhch'
Go deo gan tigheacht id' ghoire
Do bheifeá féin id' bhláth gan teimheal
Is ní bheinn mar taoim gan toradh.

BALLADE FILÍ NA n-AIMSIRE SEO

In aimsir Airt dá mbeinn im'bheo
Do gheobhainn mo chúpla bó as dán,
Ní bheinn mar táim anois gan stró
Im' ghuth ag glaodhach gan freagra d'fhaghdil ;

Cothuigheann an ghrian go búidh gach bláth,
Ní'l iorra ruadh ná faghadh sé cnó
Is truagh nár mhaireas féin fadó
Nuair bheathuigheadh briathra blasta an bárd.

Tá sé amuigh ar clannaibh Eoghain
Gurab árd a speois in aoibhneas dán ;
As gach ar chumas féinig dóibh
Ní bhfuaras leath-choróin, imbás !
Is amhlaidh nílid mar a gcáil,
Is feárr ná sc'láire leo scológ,
An nuadhacht laetheamhail ná cranna ceoil ;
Ní bheathuigheann briathra blasta an bárd.

Ní raghaidh dem' dhóchas ámh, go fóill,
B'fhéidir nuair réidhfear iomrascáil
Lucht poilitidheachta go n-aimseoghad—
Má bhím im' bheathaidh—riar mo cháis ;
Go nuige sin, 'sé tá i ndán
An díog is dreoile d'éigse, is dóigh,
Is bás na gcat 'san earrach ó !
Ní bheathuigheann briathra blasta an bárd.

Ceangal

A rí : níor chuireas cearbh fós
Id' shúil, id' ríoghacht, id' mhnaoi acht fág
Déanamh mo ghnó ded' phrás im' dhóid—
Ní bheathuigheann briathra, i mbaiste ! an bárd.

BALLADE I DTAOBH NA LAETHEANTA DTRIOBLÓIDEACH

Ní fhéadaim foidhneamh leat níos mó
A thír úmóideach Éireann, féach!
Is cuirfad uman m'fhalaing chrón
Is raghad thar bóchna uait go baodhach
Ní bheir-se ar malairt puirt go h-éag
A chailleach cham na gcéadta meon
Dícheanntar duit do leágha, do leomhain
Is glas liom snódh na gcnoc i gcéin.

'San Spáinn dá mbéinn, an chríoch gan cheo,
Caomh-sheñorita gheobhainn gan bhaoghal
Chun bheith ag suirghe léi ar sógh—
I measc na ngróbh óráistí bhéinn
Ag taidhbhreamh liom ar m'ádhbhar féin
Nó ar fuaid Alhambra ársa, óg,
'Nar fhás, 'nar éag Corrán an Ghleo,
Is glas liom snódh na gcnoc i gcéin.

Nó seans go Pairís aoibhinn gheobhainn
Dá bhfaighinn cead seoil, agus iarrfad é,
Ós innte lonnuigh riamh gan dódhaing
An Sciamh, an Spóirt, an Chiall, an Chéard,
An Louvre, 'bhfuil sé fós le gréin?
An Muileann Dearg? Tá, gan gó!
De Bergerac an bhfuil sé beo?
Is glas liom snódh na gcnoc i gcéin.

A rí: led' thoil, cois Dothra geobhad
Le Sú nó Síle nó liom féin—
Acht—fan! airighim-se pléascadh mór—
Is glas liom snódh na gcnoc i gcéin!

CROIDHTHE NA CRUINNE.

Fé dhéin an chogaidh tá imtheacht na mbuidheanta laoch
'S a ngléasa glite ag gliosmarnaigh glinn ó'n ghréin
Is é a n-iolach "Go curanta ag coimheascar téigheam
An chraobh go mbaineam le fuinneamh, is díoghaltas géar!"

Tá béine bruinneall go h-innealta ag rinnce i gcéim
Ar réidhleán shocair i mothar fé mhaoilnibh géag
Is craelaid loinneag; "A Chuipidín chroidhe an tsaoghail.
Céile cumainn led' uptha 'nár liontaibh léig!"

Fé dhéin na reilige tá sochraid criontach séimh
Gur léith a bhfolta ag druidim go righin-leasc réidh
Is é a n-ioman-san: "Milis thar millse an tÉag,
San chré ní ceiltear síor-shochard ná síoth ar aon!"

AN FILLEADH

Go dearbh is cuimhin liom an tráth sain
Fé'm dhéin-se nuair thángais ar dtúis
Mar aisling bhig bhriocht-mhilis, ádhmhair
Id' aobh-aingeal álainn thar cionn.

Is i gceart-lár mo dhian-bhruide d'árduigh
An saoghal greithileánach mágcuaird,
Do chuala do chaoin-ghuth mar chláirsigh
Is ba léir dom im thámh dom do shnuadh.

Chun gur imthigh na bliadhanta agus tráth goirt
An mhacnais noch d'fhágaibh mé duairc
Dhearmhadas do chaoin-ghuth mín mánta
Ó'm léargas do cháidh-leacain chuaidh.

Im' dheoraidh go rabhas-sa fé scáth dhubh
An uaignis ag cásamh mo chumha,
Id' éagmais ba choinneal gan trághadh dom,
Gan deor ruisc, gan grádh geal, gan chumhacht.

Acht múscaltar m'anam as dálaibh
An léin duibh ó thárla liom tú
Mar aisling bhig bhriocht-mhilis ádhmhair
Id' aobh-aingeal álainn thar cionn.

LITIR AMÚDHA

A chumainn is a chuisle cé an tubaist do thosnuigh an t-ár
Nó an ghuilm do bhrostuigh do bhuime nó cogar ó námhaid
Mo litir-se d'oscailt go h-obann gan fuireach, gan fáth,
I gcuireas i bhfios duit go turraingeach tuile mo ghrádha.

An fiosracht nó faiteacht nó eagla nó mioscais mná
Nó toradh na heascaine scagadh ó bhruinnill luig Ádhaimh
Gur sciob sí Dia Sathairn ó mhangaire an phosta mo phár
Is a oscailt go mearbhallach, measctha gan chuireadh gan chás?

Nach orainn, a shearc gheal, a chara is a scoith ghil na mbláth,
Nach orainn, a ainnir is a leanbh is a chuspa na mbáb
Bhí sonas is rath gur i dteangain na bhfilí is na mbárd
Mo litir do breacadh—bail ort agus uirthe a chonách!

AMHRÁN FÓGHMHAIR

(*Verlaine*)

Is géar lem' chroidhe
Séis bheidhilín,
Le línn an fhóghmhair,
Is tnáidhte, tím
Atáim dá dhruim
Fé scím gan treoir nirt.

An clog airighim—
Do bheir a chlíng
Im' chroidhe éadóchas,
Is liom is cuimhin
Na laethe bhí
Is caoidhim mo dhóthain.

Annsain imthighim
Ar séad le gaoith
Agus ní dem' dheon-toil
Siar is aniar
Mar dhuille ciar
Am liathradh ar ródaibh.

AN BUACHAILL SLÉIBHE

(*Uhland*)

Is mise an t-aodhaire ó mhaol an chnuic
Is iomdha dún tréan i raon mo ruisc
Is moiche do'n ghréin thar aon lem' chois
Is go bhfeicim a léas go dtéigheann fé loch.

'Sé an cnoc mo réim is mo shaoghaltas chirt
Bíonn stoirm le scéird ag séideadh uimis
Dá threise mar ghlaodhann ní féidir di
Mo phortaireacht shaordha shléibhe 'chosc.

Bíonn tóirneacha tréana agus caortha ag rith
Fúm thíos agus mé fé spéir gan spot
Gan feargain glaodhaim ar an dtréad so giorraisc
" Beidh an tigh in a phléist muna n-éistidh sibh ! "

Annso gan bhréig is eadh phréamhann sruth
Nach miste liom braon de im' bhéal mar dheoch
Lem' bhosaibh cé d'fhéadfainn a thaomadh annso
Le faill is fraochda a léim is a ghuth.

Le rabhadh do'n tsaoghal an uair réabtar cluig
Agus teinteacha baoghail ag blaodhmadh tiugh
Le fánaidh léigim go léidmhear tric,
Port im' bhéal agus faobhar im' ghluic.

IUSTUM ET TENACEM

Hor. Car. III. 3

Tathant is tuaileas sluagh na cathrach,
Dreach gan truagh is buannacht anfhlatha
Anfadh-Adtuaidh, rí cruaidh na fairrge,
Glac Íóibh uais, an tuairgneach bagarthach
Is beacht ná buaidhrid, ós buan é a mheanma,
Fear an fhuadair uasail, daingin, chirt—
Is an bioth in a spruan de thuairt dá dtreascartaí
Is duine gan uamhan, gan uasnodh bhascfadh sé.

IOMRAMH

(*Lied im Kahne : Bone*)

In ár gcuraichín snáimh
Triallam thar tréan-mhuir ag seoladh
Is na tonnta dár luascadh le fórsa
Ar aghaidh linn gan scáth !
Triallam gan cuimhneamh ar guasacht
Ag gluaiseacht.

Fé mhisneach a lán
Is fé chomairce an Áthais 'seadh seolam
Beag beann sinn ar faithche ná ar feorainn—
An tréan-mhuir go bráth !
Triallam gan cuimhneamh ar guasacht
Ag gluaiseacht.

A churaichín tláith
Bí daingean dá ghaibhtheacht an bhóchna,
Stuanfaidh an stoirm go fóill duit—
Is leanam dár ráig !
Is breágh bheith ag cuimhneamh ar guasacht
Ag gluaiseacht.

BENDITO SEA EL AÑO

(*Peadrarc*)

Mochean an tráth, an lá, an bhliadhain
An tseachtmhain áin, an áit, an iath
An taca i dtárla táithte im' chliabh
Na h-eaptha dháil a n-árd-bhain-dia.

Mochean an dásacht ghrádhmhar dhian
Do bheart dom grádh ná cáithfidh cian—
Gach ga do ládh nár fhág a rian
Mo chreat is chrádhann mo lár go diail.

Mochean an dá bhéal bhláithe d'iarr
A canadh i ndánta, a cáil gan chiach,
Is fairis, m'álta 'thrácht gan fiar,
Mo shearc di, m'áilgheas, m'ádh, mo mhian.

Mochean mo chéard, mo dhánta, thriall
I rannaibh cádhas na mná do riar—
Is m'aigne—áit thar áit i mbia
A smacht gan spáirn go bráth mar riamh.

AN BUAN AGUS AN NEAMBUAN

(*Hardy*)

Ní'l ann acht fear ag fuirseadh na gcaob
De chois-imtheacht fhéith-chiúin, shíleach
Le cabhlthach capaill gur imthigh a ré—
'Na gcodladh ar aon mar saoiltear.

Ní'l ann acht gal in a puthaire chaol
A corp an bhroim-fhéir ag puidheascadh ;
Beid ann faid mhairfidh ar cosaibh an saoghal
Agus deireadh le réim na ríoghradh.

Féach thall an ainnir is a cogarach léi
Ag cumadh di bréithre caoine ;
Raghaidh árd-sgéal cathann is cogaidhe in éag
Acht ní caillfear a scéal súd choidhche.

"LUGETE, O VENERES CUPIDINESQUE"

(Catullus)

A ghasa bheir grádh go lághach do chiúnsaigh
Caoidhidh liom féin, 's 'Aonghuis congnuigh!
Do sciob, mo chás! an Bás gan chunntas
Gealbhan beag na bruinnile thnúthaim.

Ba léi do b'fheárr é ioná na súile
Ba bhinn do chanadh, agus d'aithneadh an chúileann
Mar d'aithneoghadh sise a buime, is ní fhúigeadh
Brollach brothallach oide a mhúinte.

Acht é go h-aicillidhe, aiceanta ag súgradh
Nó ag bíodaireacht ceoil dá chódhnaigh chiún-tais—
Acht, féach mar ghaibh an bealach dubhach sain
'Nach bhfilleann neach, má's beacht na h-ughdair.

Eascanaim ort, a shruth mhí-rúnta
Orcus alpann gach maise dár múscladh,
Eascanaim ort, an min-ghealbhan so
Rop óm' ainnir—beart nárbh' fhiú duit.

Feasta arís, má's fíor, a dhúil bheag,
Beidh cuimhneamh beacht do chleas n-éagsamhlta
Is tiúin do bhéil gach lae dá cúradh
Is le méid do chatha do dhearg a súile.

DIFFUGERE NIVES

(Hor. Carm. IV. 7)

Ó sceinn chun siubhail an sneachta
Fásann falaing féir
Ar céidibh—is ar crannaibh
A gciabha glasa féin.

Ní miste anois le h-Aiteas
Lomnocht greas beag baoth
De'n rinnce tuaithe i measc nimph
Is na siúrach rugadh léi.

An Bhliadhain is an Uair do chaitheann
An Lá (a mbuime ar aon)
Adeirid leat " Bí aireach ! "
Má mheasair buan tú féin.

Sioc tré gaoith na maidne—
Siúd an tEarrach glé
Fé chois an tSamhraidh raidte
Ná faghann acht gearra-shaoghal.

D'Fhóghmhar na n-ubhall ní fada
Ag scaipeadh a thoraidh fhéil
Agus féach ! an ceo mí-thapaidh
Ag ascnamh in a dhéidh.

Acht leigheasaid réithe reatha
Gach díth dár raid an spéir—
Nuair thagann, ámh, ár n-aga
Ní tráth chun faillighe é.

Agus triallaimíd an bealach
Thriall cheana an deagh-Aenéas
Tuille is Anc, mar scamall
Is scáth 'seadh sinn go léir.

Agus ca bhfios d'aon'ne mhaireann
An leigfidh treabh na ndéith'
An lá i mbárach d' agus
Leis an lá so féin ?

Sceinnfidh as a ghlacaibh,
A Thorcait mhaith chroidhe-fhéil,
A dtiubhrair uait gan aiseag
Do'n oidhre shanntuigh é.

Fé dheireadh thiar nuair scarfaidh
T'anam leat, ní baoghal
Ná tiubhraidh Mínos breath ort
Bheidh córach, ceart, gan bhéim.

Acht ná beir leat, a chara
Chaoimh, go scaoilfidh saor
Árd-fholaidheacht thar n-ais thú
Ná dílse is deise béil.

Do sháruigh ar Dhiana
Hippolitus gan chlaon
As áras ifrinn angtha
D'ath-chur ar an saoghal.

Is féach arís ná deachaidh
De dhícheall mhaith Teiséis
Na marbh-naisc ró-dhaingean
De Pherithous do réidh' ?

AN LEANNÁN SÍDHE

(*El Incubo*)

Marcuighim ar muin na gaoithe
Agus leis an ngaoith 'seadh théighim
Is ar gheala-chruth do smaointe
Leagaim mo mhí-chruth féin.

Is mé an leannán sídhe sin
Ná h-ainmnighir ód' bhéal
Agus téigheann mo scáil go síordha
As diaidh do scáile ar séad.

I bhfolach uait do bhím-se
I bhfalla d'éadain ghlé
Ar nós na nathrach nimhe sin
San tseana-thómhas doiléir.

Is féach ar fuaid do shoillse,
A chuilm fhínn an tséin
Fágaim-se lorg nimhneach
Mo cheilge is claon.

Is mé an leannán sídhe sin
Tá malluighthe go daor,
Leannán atharruigheas mé
Gan sos go lá an tsléibhe.

TAITHLEACHAS

(Le M. Ní L.)

Le foighid do léighis, a bhé, na laoidhthe líonas
I gcuach na nduanta is fuarais iad cé díth liom
Ar easbaidh smaointe mórdha—bíodh gur fíor sin
Cad é is mórdhacht ann i gcríochaibh díble?

Cá bhfuil an ní tá buan fé chuaird na gréine?
Focal nó féileacán nó fáidh nó féile—
A dteacht is luath agus scuabtar iad go héascaidh
I gcoirr na marbh is sinn gan dabht in éinfheacht.

Cuardach ar tropaibh móra, ar samhlaibh síordha
Ní dhearna riamh im' dhántaibh, adamhuighim é ;
An rud bhí uaim le rádh ó lár mo chroidhe istigh
Adubhras é pé buadhach díombuadhach mo dhícheall.

Buile agus ifreann Danté bíodh nár fhéachas,
Sheachnas an aill is fál ar neithibh éachtach,
Níor dhifreach liom suarach agus uasal gléineach
Adamh is domhan im' radharc ba mhar a chéile.

Is fáinne an saoghal, is fáinne an bheatha tadhaill seo,
Dearmhadtar sin le méid ár n-easba radhairc-ne
An rud fíor-árd, fíor-bhuan, fíor-uasal, faghaim-se é !
Níl sé le faghál i bhfus—i bhfus ! ná deimhneacht !

An amhlaidh mheasfá dom go leanfainn sómpla
Ár bhfilí dúthchais—dream bocht aimid óltach,
Cam-bhladar béil nó aithis gharbh, scólta,
Caoineadh na marbh maol i mbriathraibh móra ?

Cad tá 'san bhárd acht cláirseach a chómh-aoise,
Má's ceolmhar í bia sé féin go binn-ghuth
Má's uasal í ní bhia go bocht a smaointe
Ní héirghe d'fhile thar aon ós cionn a thimchill.

AN DUANAIRE

(*Óir-Chiste*)

Triall i gcéin, a Dhuanaire,
A chnuais beach féd' eire ceoil
Iarsma séin, mar bhual-líle
Ar fuar-loch, go raibh id' dheoidh !

Mianta an té nach truaillighthe
Go gcuarair led' eitibh óir
Chun iarrtha scéimhe i suairc-fhriotail
Duanta na bhfileadh mór.

Na bliadhanta! téighid ar luathmhaire—
Is luascach a n-iorradh gleoir—
A srianta déar go buan-righte
Ag tuar bdis is beirthe beo.

Is niata a réim—acht uaireanta
Le truagh orainn go leigid seod
Dá rian 'san aer ag luath-thuitim
Anuas ar ár gcineadh dhearóil.

I ndiamhraibh cléibh an Nua-bheirthe,
Mar bhuadh-bhriocht, beidh litir óir
Ag fiadhnadh réimhis nua-fhile
Ná fuair fós an t-oideas ógh.

Féd' iadhadh, a réalt de dhuanaire,
A chnuais beach, féd' eire ceoil,
A liacht de'n léigheann is luachmhaire
Ag buacaireacht 'na shrothaibh gheobhaid

AMHRÁN AN DÓCHAIS.

Bimíd ag cainnt is ag síor-chur síos
Ar thairbhe ag teacht i mbárach
Is fuadar fúinn go dithneasach, dian
Ad' iarraidh gach sódha is feárr linn.
Bíonn an saoghal go seanda is go h-óg fá seach
Agus súil ag gach aoinne go deo le rath.

Is dlúith, docht, daingean an dóchas i gcroidhe
Is in íntinn gach ógánaigh
Leanann an t-óigfhear solas a ghnaoi
Is ní sheachnann go fiú an ársaidh.
Ós uaigh is deireadh le réim is reacht
Maoidhtear an dóchas ag scríbhinn an leacht.

Ní mearbhall súd do geineadh le baois
In aigníbh amadánta
Acht teagasc gan bhéim as innibh gach croidhe
Ar bhealach ár leasa láithrigh.
Anois, siubhluigh, a mh'anam i muinghin ceacht
An ghotha istigh mar is dó is beacht.

DO SCRÍBHNEOIR MHARBH

(*Pádraig Ó Conaire*)

Go ceann do chonaire is go deireadh an aistir dhéin
Fé dheoidh ó shroisis, dod' spiorad dhil aitchim séan,
Síoth agus sochard is sonas is caidreamh caomh
Neithe nár tugadh, a shruith, duit ar feadh do shaoghail.

Maoin níor bhainis, sochla níor chleachtuighis é,
Do bhís id' dhuine fé chinneamhaint chais Isméil,
Ar nós an duille do thuitfeadh dá nasc ar ghéig
Is le gaoith do cuirfí in a choraibh dá chartadh i gcéin.

Is eol do chuspa dom, tuigim do ghalar saoghail,
Do b'fhearra leat bocht acht toil do mheanman féin
Do leanamhaint chun go gcuirfeá go beacht i gcéill
D'aisling chrithir i bhfriotal cheart Banban glé.

Bhí lá is fiosach in imtheachtaibh startha Gaedheal
I mbeadh do chosamhail cumasach measta i gcéim ;
Níorbh é do thuilleamh-sa doicheall is danagra daor
Acht luach ceart d'oibre, ionmhas, aisce is aobh.

Ca fearr an osna ? Taoi curtha, tá d'fheart fé fhéar
Is na héin (mar im' ghoire) ag portaireacht ait id' ghaor—
Do rinnis an obair go toghtha do ceapadh dod' mhéin
Is leor ar chumais de mholadh is de leacht ar d'fhéith.

IOMRALL SEIRCE

(*Browning*)

Siúd an géagán n-ar ghreamuigh an t-éan de
Chun gur scéidh sé i mbláth is in aoibh chaoin
Sarar ling in a dheághaidh sin go bárr an chrainn chaorthainn
Áit d'oirfeadh dá nid is dá líon tighe :
Cad é sin mar dhóchas do lasuigh is líon croidhe
An ghéagáin bhoicht úd n-ar thúirling an t-éan air
Dá thoghadh is dá charadh is dá chanadh thar aon 'ne.

Sidé an ucht n-ar luigh air feadh téarma
Aon chaol nóimeat fhánaigh an ríoghain chaoin
Sarar aimsigh an ucht san do gealladh le céin di—
Díol bratainne fíor-ghrádha is a rí-shuidhe :
Ó b'é sin an taidhbhreamh lér gealadh is gríosuigheadh
An croidhe seo adeirim roimh imtheacht do'n raonaidhe,
Grádh dá thál is dá thabhairt dó gan aon tuis.

AN DÁ THEANGAIN

Nuair labhraim Gaedhilg, atharruigheann mo dhomhan!
Chím-se gach aon rud, dar liom, bun ós ceann,
Siubhlaim aris in Éirinn ársa, an t-am
Bhí Brian na Bóirmhe beo, is chím im' amharc
Mar ghréin ag éirghe romhan amach an Teamhair:
Is chím an bhuidhean filí ag gabháil anonn
Is ceol na cruite 'á gcóimhdeacht mar a ngabhaid
acht Gaedhilg labhairt

Nuair labhraim Béarla, chím im' aice feall,
Aintighearnas agus éitheach agus foghail;
Leamh-gháiridhe lámh na monarchan úd thall
Agus easbaidh grinn an tSasanaigh ró-reamhair
Mar Thúrcach in a thigh, toirtéiseach teann,
A mhéirdreach le n-a thaobh: is chím-se namhaid
Ag feitheamh le n-a scian do ropadh ann—
acht Béarla labhairt.

AMHRÁN GEIMHRIDH.

Chrysanthemum—Chrysanthema!
Na mílte agam ar mílte dath;
I gcruas an gheimhridh 'táid gan naith
Chrysanthemum—Chrysanthema!

Atáid siad ann 'na dtuiltibh, feadh
Mo radhairc-se uaim-se, munar mheath
Ó ghile a ngnaoi, ó líon a ndath—
Chrysanthemum—Chrysanthema!

Tá corcar, crón is cróch go fras
Agus buidhe is craorag le n-a n-ais
Is bán ós comhair mo shúl amach—
Chrysanthemum—Chrysanthema !

Tá buidhean na ndúl 'na gcodladh—theasc
An geimhreadh cinn mo charad—bhasc
An ghaoth na blátha : féach ar nasc
Ag fuacht an domhan go silthe seasc.

Is fada atá an rós gan rath,
Tá an lile tabhartha traochta feacht,
Do dheighil an tulp le réim is reacht,
Na sciollaim, is lia ós a leacht.

Scríobhtar a n-ainm oghaim go beacht !
Acht glacaim meanma má' seadh,
Mar tháinig chughainn agus tá ag teacht
Chrysanthemum—Chrysanthema !

AN BHEAN AGUS AN CAT

(*Verlaine*)

Ag súgradh bhí sí leis an gcat
Do b'aoibhneas leat a bhfeiscint—
An lapa léir an glaicín géar
'San áit doiléir ag clismirt.

Do choinnibh sise—bean na gcleas—
Fé láimhnibh deasa síoda
Ingne bhí chómh faobhrach, fras
Le scin nó altain liomhtha.

'San mhéid sin ámh níor laige cat
Na n-iongan nathach niata—
Bhíodh sí go milis meabhlach feacht
Má bhíodh níor mheasa an diabhal de.

'San phárlús chiúin mar gcluinfí leat
An gáire leath-mhailíseach
Do chífeá ceithre spící ait'
De'n mhéirneáil ghlais ag soillsiughadh.

ROSC

(Dán Duaise)

Ar mearadh táid Gaedhil le tréimhse anuas
Dá gcaitheamh le céird nár shéanmhar cnuas,
Nár thairbhigh Éire féin monuar!
Ná teanga na hÉireann d'éis gach duadh.
Cuiream ár lúth, ar ndúl, ár mbuadh'
Ag obair san chúis seo chlú'il ath-uair
Baineam le léigheann a's tuiscint a's méin
Crothadh as Béarla bhréan an tsluaigh.

Canaid na héin an tséis do fuair
A sean ó'n Chéardaidhe chéillidhe shuairc
Nuair labhrann gaoth agus tréan-mhuir fhuar
Is airdhe do'n tsaoghal go léir a bhfuaim.
Leanaimís féin do'n tséis do fuair
Sinnsear Gaedheal 'na réimeas uair
Mar ghnáth-chainnt lae, a lámhaibh Dé
Teanga gan bhéim, gan chlaon, gan chluain.

Tá seanchas Gaedheal soiléir dá luadh
Gur teanga na nGaedheal ár mbéarla dual
Ar a mbraitheann ár dtréithre, réim is stuaim
An aigne Ghaedhealaigh ghléghlic, bhuain.
Cuiream ár ndícheall croidhe i bhfeidhm
Le fuinneamh go scaoilimíd an tsnaidhm
Mhasluigh ár gconn—teanga na nGall
Do b'acar ag namhaid do b'amplach aidhm.

Ní ghealann an lae do'n té lag-fhuar
Gan seadh 'san saothar is é bheith cruaidh ;
Feasach do'n tsaoghal nach gléas chun buadh
Gannachuid spéise in éacht is duadh,
Leanam le dúthracht iúil is gnímh
Do'n obair seo mhúscail dúthchas fíor
Anois an t-am le dul 'na cheann
Is scuiream gurab ann dár bhfonn le scíth.

A ghasradh Gaedheal, d'bhúr dtréad ní dual
Ar cheapabhar dhéanamh thréigean uair,
Ní fada bhúr ré, tá an saoghal ar gluais,
Agus dearbhaidh d'aon-ghuth an méid seo luadhaim—
Teanga na hÉireann an Ghaedhilg ghlinn
Caitheam ár saothar léi go mbídh
'Na teangain ag cách ó Reachrainn díird
Go seana-Chionn tSáile cáidh aníos.

RÉ NA gCÁBÓG

Tá ré na gcábóg buailte linn—
Cuir fíoghar na Croise ort féin !—
I bhfeicfidhear gach suarachas
Gan toirmeasc i réim ;

Beidh geocaigh d'oil an tuatachas
Ag buadhachtaint rómpa is taom
Ar chroidhe is ceann na huaisleachta
Is an áilneacht suaidhte in éag.

Gach spréach ag blaodhmadh gheobhaidh, airiú
Is tapa mhúchfaidh é
An lucht léir-mheasadóireachta
Dár chóra chlaoi le céacht
Agus sidé goimh m'éadóchais-se
Mar dhoighir i lár mo chléibh
Go bhfuil an dream aineolach so
Ag seol fé bhrat an léighinn.

Is caithfear géilleadh dhóibh anois
Dá smacht nach rómhar réidh—
An é, nach sás sean-Fhódla ghlas
Chun fás is mórdha scéith?
Dream léargais láidir mhór-ghnúsaigh,
Taitneamh is taca Dé,
Malairt cheart na gcóbach so
Ná feiceann: Fóill! táid caoch!

An ceann is an lámh do leomhfadh leis
Céard Pheidias do phlé,
I marmar aith-bheodhuighthe
Chuirfeadh an daonnacht féin:
Siúd nó an scuab neamh-theoranta
Dhearfadh ar chlár an scéimh
Is léir do shúil ghaisteóra ghlic
An tinithe nach tréith.

Acht d'ionnsaidh treabhadóirí cnuic
Caol-rioghacht na n-ura-chéard
Do mhúchadar na tóirseacha
Agus leagadar an léigheann:

Caithfear sléachtadh rómpa anois
Le hómós—a leithéid!
Is an Ghaedhilg bíodh in a lóiste aca,
Ag códhnachaibh na gcaob!

AN tEITLEÓIR

Tré ghorm-ródaibh neimhe téighim,
Mo réim le rachmall leigim
Mo dhá shúil dlúithte ar an spéir,
Mo chroidhe chun éachta i bhfuirm.

Tugaim-se m'aghaidh ar chrích na réalt,
Ar luas na n-aingeal rithim,
Cuirim-se díom ar nós na ré
Gach ceo is scamall duibhthin.

Badh mhaith an ceart, ar ndóigh, na héin
Bheith agam féin mar chuideacht,
Téighim ró-mhear dóibh siúd is baoghal
Gan trácht ar séis na n-inneall.

Sibh-se beannuighim uaim, a réidhe,
A chnoca glas' na cruinne
Is téagartha im' radharc-sa néal
Ciumhais-chorcardha ná sibh-se.

Ar coimirce na gaoithe téighim
(D'éadach lín dom' eitibh)
Ag déanamh conncais ar an aer
Ag cumhangras ar an bhfiolar.

Acht airighim cuan mo chinidh ag glaodhach
Thar screadaigh scrobha is inneall
Agus cuirim ceann re fánaidh m'éan—
Ar Tellus aosta fillim.

AMHRÁN AN DUINE MHÍ-CHÉATAIGH

(ó'n Iodálais)

Is fada mé im' thráill ag an bhrón ó rinn go sáil,
Táim atharruighthe im' cháilibh choidhche,
Meadhair is cúis mo cháis, gáirim fe'n amarrán
Is éadóchas ar mo shástacht bím-se!

Crithim roim conách, bíonn dúil agam i bpráinn,
Féach! deinim meadhón lae de'n oidhche
Lem' cháirdibh bím ag spáirn is ag cáirdeasaidheacht lem námhaid—
Bím leathta ag an ghréin is í in aoirde:

Agus canfad duit im' dhán rud eile atá am' chrádh
Go lagann mé ar láidrigh na mílte:
Ar socaracht ná trácht—im' beathaidh mise fág!
Gach sonas in a bhárthain dearg saoilim.

In éagmais gach a rádhaim ní mór dom admháil
Gur suarach is gur náireach bheith dá chuimhneamh
Tabhairt fé eitilt áird gan fiú aon eite amháin
Is bheith bun ós cionn le cách d'á bhrígh sin.

IAR BHFILLEADH AIBHISTÍN UÍ CHLÉIRIGH, FILE

Fáilte roim an bhFéinics óg so
Las is loisc is tráigheadh dóighte
Las arís in a chleitibh órdha,
Filidheacht phras is aigne mhórdha.

Dhall do radharc ar adhain id' chóir-se
D'áilneacht amhra an domhain do-thomhaiste :
Múchadh tú i dtonntaibh d'eolais,
Ar mire bhís ag rún do cheolta.

Leaghais ar gcúl mar chubhar ó'n bhóchna :
D'eascarais chughainn ath-uair go glórmhar
Dathanna spiaga draoidheachta id' chlóca
Is tiún na gcraobh ag traoslughadh rómhat-sa !

Feasta arís as croidhe na gcrón-chnoc
Stathfair scéal na laethe leomhanda
Nó as gaethibh gréine ar seol ghlic
Fighfir ríobh an rinnce id' chódaibh.

Mairfidh uait i nduain nach glór-lag
Maise is méin an laochais lónnruigh
Stair is chneasuigh fras-ghoin Fódla
Fáilte, a bháird an Bhéarla, rómhat-sa !

AN RIDIRE

Annsan b'eadh labhair an Ridire trealmhach,
Duine gan feall, gan on, gan eagla
" Is iad mo dhualgais " : ar sé go fearamhail
" Mo Dhia, mo thír, m'eineach is m'ainnir dhil ! "

" Triallaim im' oilithreach aonair, aistearach
" Ó chrích go crích do shíor ag marcaidheacht
" Ag troid go tréan ar son lucht lagachair
" S mo Dhé, mo thíre, m'einigh is m'ainnire ! "

" Má's fada mo thriallta ní bhíd gan tairbhe,
" Is maith is is míleata chuirim-se catha nirt
" Le dream an uilc is le druing an anfhorlainn
" Dom' Dhia, dom' thír, dom' eineach is dom' ainnir dhil !

" Féach leat ! tá faobhar agus faghairt is feannaideacht
" San chlaidheamh so géar agus feidhm chun gearradh cuirp
" Ba mhinic ar thaobh an chirt do beartuigheadh
" Dom' Dhia, dom' thír, dom' eineach is m'ainnir dhil !

TRÉ-LÍNEACH

'San tseomra bíodh ná fuilid beo—
Níl bláth aca nár éirigh críon—
Tá cúmhracht aoibhinn úr na rós.

Úrgháirdid mé cé fágaid brón
Beag tríd an áthas nuair do bhím
'San tseomra, bíodh ná fuilid beo.

Cuirid i gcuimhne dhom go nódh
An chéibhcann óg do dhoirt an fíon
So, cúmhracht aoibhinn úr na rós—

Is d'imthigh uaim 'san rian aineoil
Is crithim nuair do chím a lí
'Sa tseomra, bíodh ná fuilid beo.

Go gcuimhnighim ar an am fad ó
Go bhfaca ar dtúis an mhaiseach mhín
Fé chúmhracht aoibhinn úir na rós.

TAIDHBHSÍ.

Táid nár dtimcheall, 'nár dtimcheall,
Taidhbhsí na ndaoine fadó
Cuid díobh ag caoineadh is ag caoineadh
Is cuid díobh in aoibhneas go deo.

Gabhaid in a mbuidheantaibh, in a mbuidheantaibh,
Gan feiscint, gan tsuim is gan gleo—
Ní fheadar ar ghnaoi le haon naoidhe díobh
Ár n-agallamh d'oidhche nó ló?

Bhéadh sásamh im' chroidhe-se dá saoilfinn
Go bhféachfadh díobh duine im threo,
Samhailt éigin brón-aghthach, caomh-chroidheach,
Le tuiscint dom bhuaidhreadh ró-mhór

D'fhéachfadh is d'imtheoghadh arís léi
Fé chríochaibh éagcuimseach ar seol
Is chuimhneoghadh orm choidhche, orm choidhche
In aimhdheoin a díomdha dothomhais.

AN SPÉIR

Is ceannsa, ceanamhail chasann an spéir
Thar domhan a falaing mar bhanaltrain tséimh—
Ar alltacht achar n-anaithnid i gcéin
Na ndeamhan, ní ċheaduigheann amharc dá tréad.

Is mín ar maidin a leaca gan léan
Go caoin ar lasadh le cathais do'n tsaoghal :
Braoin má scaipeann ar leanbh a cléibh
Níor chuidhbhe a chasadh go h-arraingeach léi.

Is álainn dreach di iar leathadh an lae,
Lán de'n mhaise do thagann ó'n ghréin
Gáire ceana ar a ceannaighthe caomh'
Le grádh ná caithtear : a fearg is maoth.

Is sámh mar chasann sí falaing na réalt
Fá'n a leanbh d'éis teasbhaigh an lae,
Le suantraighe d'airigh i dtosach o'n tSaor
Chun suaimhnis meallann a leanbh go réidh.

Druid go caoin 'nár dtimcheall, a spéir,
Cuir go binn ag tríreach na héin
Orainn ar chlainn do chlí-bhrollaigh séid
An cion tá suidhte i gcríochaibh na néal.

LINDBERG

Mar gha ó láimh dheis deamhain
Nó saighead ó bhogha bhinn dé
Phreab t'eitleán d'aon scrabha
Amháin fé ghleannta an aeir.

Cad chuige cantain fabhal ?
Ní dia, deamhan ná draoidheacht
Do chuir do scaf gan sceabha
Aniar—acht lonn-toil laoich !

Nár chuiris díot id' aon
Na cianta fraochda atá
Idir do thír—do ghlóir
Is iathaibh Eorp—do ghrádh?

B'in gníomh do sháruigh beacht
Gach uile bheart, ar spéir
Na síonta ó ráing smacht
Fear fuirste is treabhtha an aeir.

Do rugais buadh led' éacht
Ar am, ar spéir, ar spás
Ar muir, ar uaigneas cléibh,
Gan beann ar baoghlaibh báis.

Is ghabhais coróin dod' thír
D'aithdheimhnigh fíor do chách
Ar domhan, gan gó, gurb' í
Crann soillse cinn na stát.

Ní hiongnadh gáirdeas mór
Ar chlainn chóir-Cholaim chlúmhail
Fé chonncas árd an leomhain
Dhein feidhm tar meadhon go humhal.

Fightear gan fuireach dó
Glé-fhleasc de rósaibh gnaoi
Seinneadh na stuic a gceol
Roim flaith na neolta mín.

Mar gha ó láimh dheis deamhain
Nó saighead ó bhogha bhinn dé
Phreab t'eitleán thar oll
Na doimhne d'fhobha tré'n aer.

TRÉIG A SCOIL

(1921)

Tréig a scoil na bhfionn-chloch
Tréithre is teanga allmhúrach,
Tóg do shealbh dhúthchais,
Bí mar na scolaibh rómhat.

Léigheann go lánmhar riaruigh
Ar tréadaibh Gaedheal dá n-iarrfaidh
Fáiltigh roim an iasacht
Má thigheann ad' dheol.

Acht claoidh ar gach aon chúntas
Le féith an eolais dúthchais
Bí Gaedhealach, faobhrach, fiúntach
Má's ealadha, má's eol.

Agus dtreach donn mar ínnseann
Neart is crot is aoirde
Colamhan gcaomh do thighe-se
'San bhfírinne síubhlóghair.

Sníomhfaidh clú gach dalta
Rí-mhionn úr dod' bhathais
Dhéanaidh solas sleachta
Na sleachta in ár ndeoidh.

Taoi i dtosach d'earraigh,
Déan go grod an treabhadh,
Stol an eolais crathuigh
Ar talamh meabhrach n-og

Béidir uair go dtiocfaidh
Fear in éideadh fileadh
Chanfaidh tú is mholfaidh
Tú féin nuair chruthóghar.

IÓSEPH

Le gréin ghil Gaililí
Ar scáth crainn chaomhnaigh tá
Cró iseal Iósepb naoimh
Ar feorainn finn fuaráin.

Ó'n chamhaoir chiúin go faoi
Bíonn an saor go síordha ag sá'il
Nó ag réidheadh an adhmaid bhuidhe
Is go h-aicillidhe dá ghabháil.

'Na rith ar fuaid an tighe
Bíonn adhbhar an tsaoir gach lá
Dhéanaidh as crann eascaoin
Eaglais éagcuimseach árd.

Tá an t-athair altroma caoin
Soshásta, simplidhe, sámh
Munab ionann is an tAthair fíor :
Pioc ! nó an gníomh thar bárr !

Ar ball thar táirsigh tigheann
Bean mhaith an tighe mar scáil
Dá nglaodhach isteach chun bídh
Agus molann sí go bádhach

Toradh na hoibre chíonn,
Deagh-chruth gach baill troscáin,
An bórd is an chlár-chathaoir—
Agus pógann Íosa bán

Agus siúd amach an Tríor,
An Saor, an Rí, an Bháb,
Agus fáiltighid duillí
Agus éanlaith an chrainn 'na ndáil

Agus b'fhéidir ag cainnt go mbíd
Ar Éipht na síodh-bhrog n-árd
Nó ar loingeas niamhrach Níl
Nó ar ár na naoidheanán.

Nuair bhraithir ciúnas síothach
Crótráith na hoidhche ar fagháil
Meamhruigh go bhfuil i gcrích
Lá oibre an tsaoir gan chnáid.

TUIREAMH AN DÓCHAIS.

Tá an saoghal ag dul i nduibheadas
Is na dúile in aois ar fad
Is an garrdha ag dul chun fiadhantais
Is an subhachas síordha ag meath.

Ar tuismeadh fós le híodhaibh
De'n mhaise ghlínn, de'n mhaith
Thréan-éirigh tuile dhíble
Do threascair iad de phrap.

Tá an fhilidheacht fhíor féin díolta
Ag dream filí gan rath
Chúm dánta ag súil le saídhbhreas,
Le leimhe, a laoi níor las.

Gach ball pictiúra chítear
Ó láimh gaisteora i gcreat
Tá thairis foillseach scríobhtha
" Díth-creidimh mé is Meath ! "

Do baineadh toradh an chráinn sin
Le ráidhtear " cruinn-fhios " leat,
Tuig gur toradh nimhe sin
D'fhág doicheallach gach dreach.

Do mhúch is baoghal ár n-inntleacht
Lampa an iongantais geal
Agus chuir an saoghal i nduibheadas
Is an uile chaoin ar ceal.

Agus féach i bhfeighil gach tíre
Ar domhan na faoil nach tais
Agus féach go deimhin ag daoithibh
Na trí ealadhna ar nasc.

Cár órduigheadh an ní sin
Gur faon an croidhe fé smacht
An chinn nár thug acht coimheascar—
Ní Dia do-righne an reacht !

Acht deireadh cumhachta a chlaoidhchint
Is raghaidh an bheatha as
B'é an t-eolas loit an t-aoibhneas
Is ní thiocfaidh choidhche ar ais.

Tá cruaidh gach ceiste scaoilte—
Ca fearra dúinn má 'seadh?
Is buan anois ár n-oidhche
Tá an t-éitheach in ár measc!

CANNTLAMH

Dá mbéadh dán agam do léighfinn
Nó dráma ar a bhféachfainn
Ag complacht bhreágh dá léiriughadh
Do bhainfeadh sé óm' ghruaim.
Radharc ar tíorthaibh tréana
Briata ó'n mhuir im' éadan
Ceachtar díobh nó aon rud
Gur bríoghmharacht a bhuadh.

Easbaidh gnímh le h-éifeacht
Cúis mo channtlaimh laetheamhail
Smaoineadh fada féige
Gan tairbhe le luadh.
Sin is luighe na néalta
Go tiugh ar fuaid na spéartha
Agus caidreamh nach méin liom
Ó éirghe dom go suan.

Acht glacfad rún is déanfad
Machtnamh leamh do thréigean
Tabharfad aghaidh go déadla
Ar an gcuspa buan.
Chuireas suas dom féinig
Nuair do mheádhas an saoghal so
Cumhacht mo bhactha réabfad
Taidhbhsí cuirfead uaim.

DUANÓGA.

SEOSAMH Ó PLUINGCÉID

Do sceinn mar lasair órdha bhuidhe istoidhch'
Trasna na spéire dúthchais de'n doircheacht lán
Is uathbhás gile ann—ár míorbhailt fáidhe—
Is táinte réalt aige mar chuallacht chaoin.

Gan cheilt, níl clúid ná cearn de'n tsaoghal nár shiubhail
Ag eitilt tríd an aer ar eitibh dáin
Gur follas dó ó's é ba thuigseach fáth,
Rún Dé is rúna mór' na gceithre ndúl.

File b'eadh é! focal gur léir a bhrígh—
Tighearna na cruinne ceathardha go fíor
Is feidhm a teastais thabhairt aige go cruinn.

Ní h-é sin uile é—do bhí sé 'na laoch
Is chuaidh chun catha is threascair sé an tÉag
Tout cour—ba file laochda Ó Pluingcéid.

SAMHAIN

Samhain an áir ó tháinig chughainn fé dheoidh
Fé bhrataibh cumhadh noch d'fhigh na síodhbhraidhe ceoigh
Leagtar na búird fé bhiadhannaibh go cóir
Go bhfeartar Féile Moingfhinne an reoidh.

Is fuar an oidhche, is fuar an uile bheo,
An sluagh ag teacht is fuaire fuaire fós,
Acht tiomargaid is triallaid chughainn 'san ród
Ó'n reilig iarmhair, " Fáilte, a mhairbh, rómhaibh."

Dar linn, airightear gairgeacht a nglóir
Gíoscadh na bhfiacal, cnagadh cnámh is beol
Is iad ag blas na neithe ullamh dóibh—

Ní'l ann acht fúir na gaoithe agus gleo
Cloich-shneachta ghéir in éadan na bhfuinneog
Is gadhar amuigh 'san doircheacht ag gcoin.

TEACHT AN tSAMHRAIDH.

D'ísligh Bé Samhra' indé dá capall dubhach
Ar faithcheachaibh Bl' Áth' Cliath. Bhí foireann shubhach
Na n-éan is buidhean na mbláth in a dtrealamh úr
I riochtaibh áthais roim an aer-ghein úd.

Chrochadar crainn a mbrait fhíor-uaine ionbhadhach'
Ar fuaid an bhaill le fáilteachas gan phudhair,
Ghaibh Life uimpi falaing spréach gan smúid,
Las Cuala féin le mórtas—Cuala chiúin!

Fan fada farainn! fágaim d'obair fút
Ár gcroidhthe d'éis gach díomdha is doichill dúir
An Gheimhridh allta 'chur go diair i dtiún.

* * * * *

Bailigheam linn, a stór, tá an samhradh i gcumhacht,
Go nuig an Gaortha thug céad tabhartas dúinn—
Léighfead cois locha duit arís mo rúin.

MÍ MEADHÓIN FHOGHMHAIR.

Treascair na bláthanna, coinnle cumhra tighe
An domhain, a dhóirseoir mhodar-shúiligh: buidhigh
Na duillí uaine, lom an fhaithche, fill
An brat urláir tar éis na bhfleadhanna bhí.

Chím-se mo dhóchas faon fé spéir gan spic
Ós cómhair mo shúl ag éag mar charaid chroidhe
Gan feiscin rómham acht náimhdeanas is nioth
Laethe n-anaithnid, doghrainn, dochar, dith!

Cad chuige ar thréigis mé, a Iúilín bhuidhe,
Led' theas, led' aoibhneas ceoil, led' mheirbhighe,
Led' shuirgheacht, led' bhriochta mara is maighe?

Ná an mí pat-fhuar so b'fheárr go mór liom fioch
Is faolras Feabhra, cleasa cama is draoidheacht
An Aibreáin chorra-ruaisigh ar mo thí.

DOIMHNEAS AGUS DEIREADH

(*Gras*)

Ar mo dhá bhéalaibh loiscithe d'éag go deo
Gach aoibhneas baoth, gach dóchas folamh fós;
Mhairbh na bréaga i riocht an chirt thar fóir
An croidhe agam ó's ann ba dhúthchas dílbh.

Beag liom ar lasadh ar craobhachaibh an rós,
Beag liom dá aoibhneacht é gach cúntanós,
Beag liom thar spéarthaibh claoidhte an ghrian ar seol,
Doimhneas is deireadh an domhain go ndeárna a dtomhas

Deireadh agus doimhneas, beith agus neambeith fós,
Agus as an gcopa ghoirt, a Bháis na gcómhacht,
Na braonta dheighlid daoine d'ibheas beo!

Is léir dom tuitim domhan tré'n spás im' chómhair,
Chluinim-se cluig na h-aimsire ar bheagán glóir
Ag seinnt na dtráth tré'n tsíorraidheacht fholaimh rómham.

EXEGI MONUMENTUM

(*Hor. Car. III.* 30)

Tá leacht agam tógtha ná 'n umha is buaine i gcló
'S is ríoghdha suidheamh ná síodh-bhrog Éighphteach mór
Ná caithfidh ceatha ná 'n ghaoth adtuaidh gan chómhacht,
An t-am ar teicheadh ná sreath na mbliadhanta ar seol.

Ní h-éagfad uile! Ó Libitína éalóghaidh
Cuid mhór díom saor is bead arís adhnódh
Ó'n mholadh shíor 'fhaid bheidh an Droicheadóir
'S an Ainnir Chiúin ag árdughadh an Chapitól;

'Déarfar im' leith cois Aufidus ghuth-mhóir
'S i ríoghacht éadtorthaigh Daunus, tréan athtróghach
Gur mé chéad-lúb go h-ionnraic amhráin Eoil

Do mhodhaibh Iodálach! An gradam tuillte tóg,
A Bhé na nOidheadh, is deonuigh feasta coróin
De'n labhras Dheilfeach d'fhásc' ar m' uis go beo!

AN CHATHRAIGHEACHT

Ar cúl an tighe—léinte 'gus éadaighe cnis
Ag tabhairt na gaoithe i lár an earraigh ghluis
Ar peirsí árda trasna a chéile righ
An nigheachánaidhe gleithearánach glic.

Calán annsúd is buicéad lán i bhfus
Is carn fuighle tighe is luaithre,
An chríon-bhróg chaithte is bréagáin gheala bhris
Aos óg an tighe, is bláthanna do loibh.

Ní léir i mbéal an tighe acht radharc gan locht
Gach leaba bláth is ciumhais casáin i ndeis
Ag áiteamh céim is réim an té gur leis.

Sciordann an saoghal ar séirse ar aghaidh gan stop
Fé dhéin gach nua—is suaill má ríomhthar leis
I dtaobh an dríodair shnámhann 'san mharbh-shruth.

AN tSLIGHE AMACH

Is í an tslighe isteach an tslighe amach!
Tá an oidhche ann; nuair tháinig b'í do las
An lampa loinnir-réidh. Tá teine mhaith
'San teallach théidheann an seomra socair deas.

An phailm tá cois na fuinneoige theas
Tá sí niamh-dhuilleach, árd; réidhtigheann a glas
Le dearg-bhán na bhfallaí: leabhair go fras
Im' thimcheall ar an mbórd nó ar mo dheasc.

I lár an chiúnais bhuig seo téigheann tar n-ais
Mo chuimhne chun Uíbh Laoghaire cnocaigh : eas
Airighim ag bog-amhrán, is chím-se creat

Na gcarraigreach fé chrotal ; táth de'n raith,
Túrtóigín fraoigh, an ceo 'na chuairsce chas
I lúib an ghleanna, cailín, bothán, ba.

AN NODLAIG

A Nodlaig aoibhinn, is tusa innilt umhal
An Gheimhridh fhiata, ár dtighearna doicheallamhail.
Is tú ár samhradh i measc sean-rotharúch
Na spéar dá spriocadh ag imreasán na ndúl.

Tá cuileann gluair is druadh-lus ar tiughas
I bhfraghthacha an halla mar is dú,
Soillsi ar lasadh, bronntais gheala ar búird
Is bloc na Nodlag ag tínteallaigh 'san lúib.

Tá teine ann, gan dabht, mar ghréin lae Iúil,
Bladhmsach brománta buidhe is—aillilliú !
Seo chughainn an ceol, seo chughainn an féasta ar stiúir !
Siúd ort, a Nodlaig ! a ríoghain na roillsí rúin.

A Nodlaig, thugais cuimhnte eile chughainn :
An Leanbh Iongantach agus dubh-shlán dúr.

CEATHA

Nuair scaoilid scamaill a gceatha go tréanmhar síos
Is gur grinn mar ghaibhid ag greadadh go géar na slinn
Smaoinim sealad gur samhail dá bhfraoch gan bhrígh
Spíd an fheallaire le fearaibh nach claonmhar croidhe.

MUINNTIR CHATHAIL, TEO., CLÓDÓIRÍ, BAILE ÁTHA CLIATH.
Wt. P555—353. 3,000. 1/30 (968)

DEPT. N.M.A-Ghaeilge
O.N. 6707
PRICE 5p
ACCN. NO. DA 2511


KV-186-831